

Gaelscoileanna



Foras na Gaeilge

San Eagrán Seo:

Scéalta na hEarnála	1
Scéalta na mBunscoileanna	2
Scéalta na nIar-Bhunscoileanna & na nAonad	3
Eolas faoin Iar-bhunleibhéal	4
Nuacht na hEagraíochta	5
Scléip 2010	6
Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	7
Gailearaí	8
An Líonra Réigiúnda	9
Nuacht an Tuaiscirt	11
Nuacht	12
Nuacht	14
Nuacht	15
Acmhainní	16

Dátaí don Dialann

Oiliúint do Bhaill Bord Bainistíochta

15 Bealtaine 2010

Baile Átha Cliath

Nuachtlitir an tSamhraidh

"....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann."

Scéalta na hEarnála

Diúltiú Aitheantais d'aon Ghaelscoil do 2010

I mí Feabhra, fógraíodh na ceantair a mbeidh scoileanna nua á mbunú iontu do 2010. De réir an fhógra seo, ní bheidh aon ghaelscoil ag oscailt le linn 2010 in ainneoin éilimh an-mhór ar an ngaelscolaíocht a bheith cruthaithe agus curtha faoi bhráid na Roinne. Anuas air seo, níor osclaíodh aon ghaelscoil i 2009 ach an oiread in ainneoin 7 n-iarratas láidir.

Beidh na h-impleachtaí tromchúiseach do thodhchaí na gaelscolaíochta ag an dá leibhéal mura bhfuil sé aitheanta mar bhunchritéir i bpolasáí aitheantais scoile na Roinne agus an Stáit gur gá soláthar don ghaelscolaíocht a chaomhnú in aon phróiseas aitheantais scoile.

Imreoidh sé seo tionchar ar fheidhmiú Plean 20 bliain an

Rialtais don Ghaeilge. Téann easpa aitheantais na ROE ar thábhacht na gaelscolaíochta le dhá bhliain anuas, glan i gcoinne cuspóirí an Stáit, 'sé sin leanúint le tacaíocht don ghaelscolaíocht agus mar thoradh órgánach air sin, líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú go suntasach. Tá cinneadh na Roinne bunaithe ar uimhreacha agus ar sholáthar amháin, beag beann ar éileamh ar an ngaelscolaíocht mar chóras ann féin. Téann an cinneadh glan i gcoinne cearta an tuismitheora oideachas de réir a gcuid sainmhianta a roghnú dá bpáistí, mar atá leagtha síos i mBunreacht na hÉireann.

Diúltaíodh aitheantas don ghaelscoil i Ráth Tó do 2010 agus tá cinneadh déanta ag an gcoiste bunaithe oscailt gan aitheantas. Lean an scéal ar leathanach 5!



Coiste Bunaithe, Gaelscoil Ráth Tó in éineacht le marcaithe Ruby Walsh, Barry Geraghty agus Paul Carberry ag an Punchestown Preview a bhailigh airgead don scoil nua le déanaí.

Scéalta na mBunscoileanna

Blúiríní nuachta ó Ghaelscoil Mhuscraí, An Bhlárna



Daltaí i dteannta Róbat Mhúscraí!

Chuaigh ranganna na naíonán ar thuras go feirm áitiúil chun comharthaí an Earraigh a fheiscint faoin dtuath le déanaí. Bhain na páistí an-taitneamh as na madraí, na gamhain, na ba agus na capaill. Rugadh lao fad is a bhí na hárdanganna ann fiú!

I rith Seachtain na Gaeilge, rinneadh an-chuid oibre chun próifíl na Gaeilge a láidirú go háitiúil. Chuaigh na naíonáin chuig an leabharlann

áitiúil ag canadh amhráin agus rannta le agus do pháistí ó scoileanna eile sa cheantar. Chuaigh na hardranganna chun na leabharlainne chun scéalta as Gaeilge a léamh do phaistí óga ó bhunscoil áitiúil eile agus bhain gach duine an-taitneamh as.

Eagraíodh lá eolaíochta agus lá ealaíne sa scoil le déanaí mar chuid den chlár 'Discover Primary Science'. Chuir na daltaí a dtionscadail féin le chéile chun a thaispeáint ar an lá. Le tuiscint ar thábhacht na hathchúrsála a fhorbairt, rinne na páistí ó rang a haon go rang a sé rudaí iontacha déanta as ábhair athchúrsáilte. Bhí idir thithe, róbaít agus roicéad le feiscint ar an lá agus tugadh cuireadh do thuismitheoirí teacht.

Ghlac banna ceoil Ghaelscoil Mhuscraí páirt i mórshuíl Lá 'le Pádraig i mbliana. B'é an chéad pharáid sa Bhlárna le 21 bliain agus d'fhreastail na sluaite air. Rinne páistí na gaeilscoile maisiúcháin le cur ar chrainn timpeall ar Bhlárna mar chuid den cheiliúradh.



SLADMHARGADH SPEISIALTA DO GHAELSCOILEANNA!

40% Iacáiste ar gach ordú de €50+



**Liostaí Bhreacadh:
Focail Choitianta
sa Ghaeilge**
€25

Liostaí de na focail is mó úsáide i leabhair do pháistí, i leabhair do dhéagóirí, i nGaeilge labhartha na Mumhan, Chonnacht agus Uladh.



**Nuascriobh na
Gaeilge**
€25

Leabhar saothair é seo chun thugann aghaigh ar dhéachtaí scríbhneoireachta agus litríthe sa Ghaeilge. Tá idir shamplaí, chleachtaí agus fhreagraí ann.



**Bunús na
Ríomhaireachta**
€25

Treoirleabhar é seo chun bunscoileanna ríomhaireachta a mhúineadh trí Ghaeilge. Feilíomach do scoileanna, le neart léaráidí tarraingteacha.



Ceird na Cumarsáide
€18

Leabhar praiticiúil ina glúdaítear gach gné den chumarsáid, idir bhunscoileanna na léitheoireachta, na héisteachta, na bpictiúr agus na scríbhneoireachta, go scoileanna comhaimseartha na meán cumarsáide agus na teicneolaíochta eolais.



**Cnuasaigh áille
spraiúla gearrscéalta.
Leagan Uladh /
Leagan Chonnacht /
Leagan na Mumhan**
€6 / leabhar

Scéal na Bó agus scéalta eile le Caitríona Ní Chonaola
An Teach Glas agus scéalta eile le Pádraig Mac Suibhne

BREACADH, Casla, Co. na Gaillimhe. Fón: 091-506846 Facs: 091-506951 Rphost: eolas@breacadh.ie Suíomh: www.breacadh.ie

Is iad na Coistí Gairmoideachais agus na Comhlachtaí Páirtíochta sa Ghaeltacht a bhunaigh Breacadh. Is iad an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a mhaoiníonn an tionscadal.



Scéalta na nIarbhunscoileanna & na nAonad

Ceiliúradh 40 Bliain ar an nGaelscolaíocht ó Thuaidh



Ar Dhéardaoin an 22 Aibreán, d'oscail an tUachtarán Máire Mac Giolla Íosa Ionad Tacaíochta Foghlama nua Choláiste Feirste ar Bhóthar na bhFál in Iarthar Bhéal Feirste agus thagair sí don ról tábhachtach a d'imir an scoil i bhforbairt an ghaeilíochais sa Tuaisceart. Bunaíodh Coláiste Feirste i 1991 agus is í an t-aon iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sa Tuaisceart. Ag an ócáid chéanna, marcáladh 40 bliain de ghaeilíochas sa Tuaisceart i gcomhlúadar an Uachtaráin, na céadta dalta ó gach gaelscoil sna sé chontae mar aon le rogha leathan aionna speisialta.

Soláthraíonn an tIonad Tacaíochta Foghlama (lena bhfuil cúigear déag fostaithe) tacaíocht speisialaithe do na scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil riachtanais éagsúla acu ó dhaltai sna scoileanna Béarla. Freastlóidh an tIonad seo (a bhfuil Emer Mhic an Fhailí mar stiúrthóir air) ar a chuid páistí trí ranganna sa bheis a sholáthar agus trí mhodhanna múinteoireachta agus foghlama oiriúnacha a úsáid.

"Creidim go raibh tionchar thar a bheith dearfach ag an Ionad Tacaíochta Foghlama ar dhaltai Choláiste Feirste cheana féin" arsa

Emer Mhic an Fhailí. Mhinigh sí go "soláthraíonn an tIonad seo tacaíocht do dhaltai a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, do dhaltai atá ag streachailt sa chóras maraon le traenáil agus tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí. Cheana féin, tá cuid mhór mhaith bainte amach againn agus tá cuma mhaith ar thodhchaí an ghaeilíochais ó Thuaidh".

Tá fás agus forbairt as cuimse tagtha ar chúrsaí gaeilíochais i dTuaisceart Éirinn le 40 bliain anuas. B'Í Bunscoil Phobail Feirste (a bunaíodh i 1971) an chéad bhunscoil lán-Ghaeilge sa Tuaisceart agus ní raibh ach 7 ndalta sa scoil nuair a thosaigh sí amach. Anois tá 32 Iar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus níos mó ná 4,000 dalta ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge sna sé contae. D'fhreastail bunaitheoirí na chéad bhunscoile ar an ócáid le ceiliúradh le Coláiste Feirste.

Bhí Coillte i láthair chomh maith le 32 crann a phlandáil ar thalamh na scoile chun an ócáid a mharcáil. Chabhraíodh buachaill agus cailín ó gach bunscoil lán-Ghaeilge le lucht Coillte crainn a phlandáil i "Coill na mBunscoileanna".

Is féidir scéalta ó do scoil a sheoladh chuig
oifig@gaelscoileanna.ie

Is féidir grianghraif ó do scoil a sheoladh chuig
oifig@gaelscoileanna.ie

Eolas faoin Iar-bhunleibhéal

Comhoibriú leis an NAPD

Bhuail stiúrthóir NAPD (Cumann Náisiúnta Phríomhoidí & Príomhoidí Tánaisteacha), Clive Byrne, le hionadaithe ó GAELSCOILEANNA TEO. ar an 25 Márta. Tá an-fhonn ar NAPD an fo-choiste a bhíodh ag NAPD do na hiarbhunscóileanna lán-Ghaelacha agus Gaeltachta a athbhunú.

Mar chéad chéim beidh colún i nGaeilge i nuachtlitir an NAPD agus cuirfear ceardlann ar leith ar bun do na príomhoidí agus na príomhoidí tánaisteacha ó na hiarbhunscóileanna lán-Ghaeilge ag comhdháil bhliantúil an NAPD. Thacaigh GAELSCOILEANNA TEO. go láidir leis an dá mholadh seo agus thairg siad dul i bpáirt leis an

NAPD in eagrú na ceardlainne. Cuirfidh GAELSCOILEANNA TEO. colún ar an ngaeleideachas ar fáil don nuachtlitir freisin.

Rinneadh plé fóna ar na dúshláin ar leith a bhaineann leis na hAonaid lán-Ghaeilge atá ceangailte le hiarbhunscóileanna lán-Béarla. Cuireadh an NAPD ar an eolas faoi easpa múinteoirí cáilithe in ábhair áirithe (reiligiún, eolaíocht agus ábhair phraiticiúla eile) agus rinneadh plé ar an mbuairt atá ar mhúinteoirí Gaeilge i nGaelcholáistí faoin siollabas leasuithe Gaeilge don Ardteist. D'éirigh go han-mhaith leis an gcruinniú agus buaifidh na hionadaithe ón dá eagrais le chéile arís i mBealtaine le tógáil ar an obair atá tosaithe acu.

Siollabas Nua Gaeilge don Ardteist

Foilsíodh siollabas leasaithe Gaeilge don Ardteist le déanaí ina mbeidh laghdú suntasach ar an gcúrsa litríochta agus méadú ar líon na marcanna a bhronnfar ar an mbéaltriall. Ábhar mór míshástachta a bhí san easpa comhairliúcháin a rinneadh le páirtneirí agus le scoileanna agus an easpa fógra do scoileanna le cur ar a gcumas an t-ullmhúchán cuí a dhéanamh. Creidimid go mbeidh impleachtaí mhóra ann do chaighdeán Gaeilge na ndaltaí mar nach mbeidh dúshlán feiliúnach ann dóibh. Tá ardchaighdeán Gaeilge sna Gaelcholáistí riachtanach chun go mbeidh daltaí in ann dul i ngleic leis na hábhair eile atá á nglacadh acu trí mheán na Gaeilge.

Táimid ag éileamh ar an Aire nua, Mary Coughlan, a chinntiú go mbeidh ábhar iomlán

breise ar fáil ag ardleibhéal na hArdteiste don Ghaeilge, ábhar a rachfadh i ngleic leis na dúshláin sa scríbhneoireacht atá ann ag an leibhéal seo faoi láthair. Thabharfadh an t-ábhar seo deis do na daltaí a bhfuil leibhéal ard Gaeilge acu forbairt a dhéanamh ar a scoileanna teanga agus tuiscint cheart a fháil ar oidhreacht liteartha na Gaeilge.

Cé go mbeidh marcanna breise ag dul don bhéaltriall, ní léir go fóill cé mhéid de dhúshlán breise a bheidh ann do dhaltaí a bhfuil leibhéal maith Gaeilge acu cheana féin. Ní léir ach an oiread cén córas measúnachta a bheidh ann don bhéaltriall nua. Tá coiste oibre, a bhfuil ionadaíocht ag GAELSCOILEANNA TEO. ann ag plé na ceiste seo agus fáiltímid roimh ionchur na scoileanna ann.

FEASTA

Reiviú den Smaointeachas Éireannach
litríocht, eolaíocht, polaitíocht

12 eagrán **tríd an bpost** ar €75 (€100 lasmuigh den Eoraip)

AN SIOPA LEABHAR

6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

01-4783814; Facs: 353-01-4785428

Ríomhphost: ansiopaleabhar@eircom.net

Suíomh idirlín: www.feasta.ie



Conradh na Gaeilge

Nuacht na hEagraíochta

Gaelscoil Nua i Rath Tó, Co. na Mí



Tá an-díomá ar GAELSCOILEANNA TEO. faoi chinneadh an iar-Aire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, nach n-osclofar aon ghaelscoil nua i 2010. Fógraíodh i mí Feabhra go n-osclofaí 7 mbunscoil nua mí Meán Fómhair 2010 ach níor tugadh aitheantas d'aon ceann díobh in ainneoin gur iarratais láidre atá iontu le liostaí réamh-rollacháin suas go 2013.

Téann cinneadh an Aire glan i gcoinne cearta an tuismitheora oideachas de réir a gcuid sainmhianta a roghnú dá bpáistí, mar atá leagtha síos i mBunreacht na hÉireann, gan trácht ar thiomántas an Stáit an Ghaeilge a chaomhnú agus úsáid na teanga a spreagadh.

Tá cinneadh déanta ag coiste bunaithe Gaelscoil Rath Tó i gCo. na Mí oscailt gan

aitheantas i Meán Fómhair 2010. Osclofar an scoil le tacaíocht ón bpobal áitiúil agus pobal na Gaeilge, ach go háirithe GAELSCOILEANNA TEO., Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Comhlúadar, Foras Patrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, (Pátrún) agus Cumann Lúthchleas Gael Rath Tó.

Breis eolais ar www.gaelscoilrathto.ning.com nó ó Oifigeach Forbartha GAELSCOILEANNA TEO., Clare Spáinneach ar 01 8535193.

Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag leanúint leis an bhfeachtas le gaelscolaíocht a chur ar fáil mar rogha do pháistí na tíre. Tá stocaireacht leanúnach á dhéanamh ar an Rialtas le go mbeidh

- an gaeiloideachas san áireamh sna critéir le scoileanna nua a bhunú
- soiléiriú ar na critéir a úsáideadh sa chinneadh faoi scoileanna nua do 2010
- achomharc déanta ar an gcinneadh gan aon ghaelscoil nua a oscailt i 2010
- soiléiriú ar staid reatha an 7 n-iarratas ó choistí bunaithe a bhí le n-oscailt i 2010

Ba mhór linn do thacaíocht leis an bhfeachtas seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie

Imeachtaí Idirscoile

Bhí an-tóir ar dheontais GAELSCOILEANNA TEO. d'imeachtaí idirscoile an téarma seo, le breis agus 30 scoil ag baint leasa as an scéim le hócáidí spraiúla a réachtáil i dteannta le scoileanna eile. Iarradh ar na scoileanna rannpháirteacha tuairisc a scríobh ar a rinne siad le go spreagfar scoileanna eile, agus tá na tuairisc sin le léamh anois ar www.gaelscoileanna.ie.

Dhá scoil a chuir lá mór ar siúl eatarthu i mbliana ná Gaelscoil Inis Córthaidh agus Scoil Charman. Bhí "Siamsa an Earraigh" acu ar an 10ú Márta, le rince, rannta, scéalaíocht, spórt,

céilí, cluichí agus ceol. "D'imigh na hardranganna abhaile le liostaí móra fada d'uimhreacha gutháin phóca! Bhí crónán breá Gaeilge le cloisteáil agus páistí an dá scoil sceitimíneach agus gealgháireach agus iad ag caint is ag comhrá lena chéile".

Tá an scéim dheontais seo á maoiniú ag Foras na Gaeilge agus tá súil againn í a fhógairt arís i Meán Fómhair

Samhradh 2010

Scléip! 2010

Bhí an-spraoi go deo in amharclann an Axis i mBaile Átha Cliath ar an 20 Márta nuair a ghlac 18 scoil páirt i gcaobh ceannais *Scléip 2010*. Roghnaíodh na hiomaitheoirí as an 400 mac léinn san iomlán a ghlac páirt sna babhtaí réigiúnacha, agus bhí dúshlán ann do na moltóirí cinneadh a dhéanamh eatarthu. Seo thíos liosta na mbuaiteoirí:

- Ceol Aonair: Shane Ó hAonghusa, Gaelcholáiste Cheatharlach
 - Rince Cruthaitheach (Aonair): Breandán Ó hIarnáin, Scoil Phobail Mhic Dara
 - Rince Cruthaitheach (Grúpaí): Domhan Tarraingt, Gaelcholáiste Cheatharlach
 - Amhránaíocht Aonair: Ami Ní Huigéad, Coláiste Chilliain
 - Pop/Rac Cheol: Peadar Ó Goill, Gairmscoil Éinne
 - Grúpaí Ceoil: Reach Linn, Gaelcholáiste Reachrann
 - Drámaíocht/Mím: Teach na mBocht, Pobalscoil Ghaoth Dobhair
 - Comórtas Ilchineálach: Rosie Ní Gairbheith, Pobalscoil Ghaoth Dobhair
- *
- Ceol Aonair: Clár Ní Mhaoltuile, Coláiste Laurel Hill FCJ (duais nuálaíochta)
 - Grúpaí Ceoil: Trí Lasadh, Scoil Phobail Mhic Dara (duais nuálaíochta)
 - Drámaíocht/Mím: An Maidrín Rua, Coláiste Cholmcille (duais nuálaíochta)

Agus comhghairdeas le Pobalscoil Ghaoth Dobhair, a bhain an *Grand Prix* i mbliana as an dráma, Teach na mBocht. Tá ardmholadh tuitte ag na hiomaitheoirí ar fad, chuir siad seó stáitse den scoth ar fáil dúinn. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Fear an Tí agus leis na moltóirí, na múinteoirí agus an lucht féachana, a thug bualadh bos agus spreagadh iontach dóibh siúd a bhí ar stáitse. Tá na grianghraif agus físeáin ón gcomórtas ar fáil ar www.gaelSCOILEANNA.ie.



Cinniúint, Pobalscoil Ghaoth Dobhair



Na hAcca Fellas, Coláiste Cois Life



Reach Linn, Gaelcholáiste Reachrann



Tréigthe, Gaelcholáiste Choilm

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Oiliúint Bord Bainistíochta

Tá GAELSCOILEANNA TEO. agus Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge ag comhoibriú le hoiliúint a chur ar fáil do Bhoird Bainistíochta na mbunscoileanna lán-Ghaeilge ar Satharn an 15 Bealtaine 2010. Cúrsa saor in aisce a bheidh ann do rannpháirtithe agus cuirfear lón agus soláistí ar fáil tríd an lá.

Is é ábhar an chúrsa ná 1) an Bord Bainistíochta mar Aonad Corpraithe, 2) polasaithe agus nósanna imeachta ag eascairt as cúrsaí dlí agus reachtaíochta, 3) Cosaint Leanaí, 4) Airgeadas an Bhoird/ ról an Chisteora agus 5) Ceapacháin Foirne.

Cuireadh an cúrsa le chéile i gcomhpháirt leis na páirtithe oideachais eile agus tá sé

aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna. Beidh an cúrsa á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach beidh aistriúchán comhuaineach ar fáil dóibh siúd nach bhfuil dóthain Gaeilge acu.




Beidh an oiliúint ar siúl i gColáiste Mhuire, Marino i mBaile Átha Cliath agus tá fáilte roimh aon bhall de na Boird Bainistíochta bunscoile freastal ar an gcúrsa, ach na sonraí a thabhairt dúinn a luaithe agus is féidir. Tá súil againn go dtabóidh na bunscoileanna go léir an deis leis an oiliúint fhiúntach seo a chur ar fáil dá mBord Bainistíochta, rud a chuirfidh le tuiscint ar a ról sa scoil. Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais ar www.gaelscoileanna.ie nó trí glaoch a chur ar an oifig.



www.prim-ed.com

Gaeilge le Chéile

Sraith ceithre leabhar oibre ó Rang 3 - Rang 6 lán le gníomhaíochtaí spreagúla!


Póstaeir ildaite bunaithe ar ghramadach na Gaeilge mar a leagtar amach sa tsraith Gaeilge le Chéile.






Glao ar 1890 92 99 59 le sraith a cheannach inniu!



Daltaí i mbun ceiliúrtha 40 bliain den Ghaelscolaíocht i gColáiste Feirste



An tUachtarán i mbun cainte le dalta ag ceiliúradh Choláiste Feirste



Gaelscoil Lios na nÓg i mbun spóirt agus spraoí



Cairde Ghaelscoil an tSeanchaí i nDoire



Coiste Bunaithe, tuismitheoirí agus daltaí Ghaelscoil Ráth Tó mar aon le marcaithe Paul & Nina Carberry agus Barry Geraghty ag ráschúrsa Thigh na Síog le déanaí

An Líonra Réigiúnda

Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag obair le gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna, le go mbeidh deiseanna rialta ag pobail na scoileanna saineolas agus taithí a roinnt ar a chéile, dúshláin a phlé agus obair i dteannta a chéile. Chuige sin, tá an tír roinnte i 16 réigiúin againn agus táimid i mbun cruinnithe a eagrú i ngach ceann acu siúd.

Tugtar cuireadh do phobail na scoileanna áitiúla teacht agus bualadh le chéile i dteannta le hionadaí ón eagraíocht. Tá na cruinnithe ar oscailt do phobal uile na scoileanna; foireann, Boird Bainistíochta, tuismitheoirí agus coistí bunaithe lonnaithe sa cheantar.

An leagan amach a bhíonn ar na cruinnithe de ghnáth ná seisiún eolais ar an earnáil agus eolas ar na seirbhísí a chuireann GAELSCOILEANNA TEO. ar fáil do na scoileanna. Anuas air seo, déantar cur síos ar

chur chuige an líonra. D'fhéadfadh go mbeadh aoi-chainteoir i láthair chomh maith.

Ba mhian linn rannpháirtíocht a ardú i ngnó na heagraíochta le go mbeidh sé ar ár gcumas freastal níos fearr a dhéanamh ar mhianta agus ar riachtanais na scoileanna.

Dáta don Dialann:

**Réigiún Chill Mhantáin:
12 Bealtaine**


**Liosta na Réigiúin agus
tuilleadh eolais ar an Líonra le
fáil ar ár suíomh
www.gaelscoileanna.ie**



Cló Iar Chonnachta Teo.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 593307 Facs: 091 593362 R-phost: cic@iol.ie Suíomh idirlín: www.cic.ie



MURCHA MÓR

Micheál Ó Conghaile a d'aistrigh

Aoisghrúpa: 4-7

Clúdach bog €7.50

Ón am go raibh Murcha an Siorc Mór Bán beag bídeach bhíodh Seánín Súmaire lena ais lá agus oíche. Ansin, lá amháin, dúisíonn Murcha agus tá Seánín imithe . . . Scéilín beag gleoite.


MURCHA SA BPOLL BÁITE

Micheál Ó Conghaile a d'aistrigh

Aoisghrúpa: 4-7

Clúdach bog €7.50

Is breá le Murcha an Siorc Mór Bán a bheith ag déanamh folach bíog lena chara Síle Sumaire. Ach nuair nach dtugann siad aird ar fhainic a mháthar agus nuair a thugann siad a gcuid spraoi síos sa bpoll báite ní fíor céard a thárlóidh . . .



NA LUCHA AG RINCE

Micheál Ó Ruairc

Aoisghrúpa: 15-18

Clúdach bog €8.00

Chomh maith le ceithre scéal agus fiche atá suimiúil agus taitneamhach iontu féin, tá treoracha úsáideacha sa leabhar seo don mhac léinn maidir le scríobh agus pleanáil scéalta.


TAIBHSÍ AN LOCHA

Antain Mac Lochlainn

Aoisghrúpa: 15+ agus foghlaimeoirí fásta

Clúdach bog €7.00

Scéal bleachtairreachta agus scéal taibhsí. Tá sé scríofa i stíl bhreá shoiléir shimplí agus tá foclóir ag cúl an leabhair. Don fhoghlaimeoir fásta go príomha ach bainfidh déagóirí sinsearachta tairbhe as chomh maith.



Tá catalóg iomlán ar an suíomh idirlín www.cic.ie

Nuacht an Tuaiscirt

2010 ina Bhliain Mhór don Ghaelscolaíocht ó Thuaidh



COMHAIRLE NA GAELSCOLAÍOCHTA

Agus 40 bliain den ghaelscolaíocht á cheiliúradh ó thuaidh, tá fás suntasach tagtha ar fhorbairt na gaelscolaíochta i mbliana ar fud na 6 Chontae. Is i gCo. an Dúin a fheicfear an fhorbairt is mó nó tá forbairt ag dul ar aghaidh ag leibhéal na réamhscolaíochta, na bunscolaíochta agus na hiarbhunscolaíochta chun go mbunófar soláthar ag gach leibhéal do Mheán Fómhair 2010. Tá coistí bunaithe i gCill Locha ag féachaint chuige le naíscoil a bhunú do Mheán Fómhair 2010. Is Naíscoil Chill Locha a bheas mar ainm ag an naíscoil. Ag leibhéal na bunscolaíochta, tá moladh forbartha seolta chuig an Aire Oideachais le go gceadófaí aitheantas deonmhaoinithe do bhunscoil i gCill Chaoil darbh ainm Gaelscoil na mBeann, ceantar atá i ndáilcheantar an Aire. Anuas air seo, tá obair nach beag ar siúl le go mbeidh soláthar iarbhunscolaíochta ann chun riar, go príomha, ar an 2 bhunscoil atá fadhbunaithe i nDún Pádraig agus i gCaisleán Uidhlín. Tá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh ann do sholáthar iarbhunscolaíochta i gCo. an Dúin fá Mheán Fómhair 2011 ach an moladh forbartha do seo ceadaithe i mbliana.

Ní i gCo. an Dúin amháin atá rudaí ag tarlú maidir leis an ghaelscolaíocht nó i dTír Eoghain tá coiste bunaithe i mBaile Uí Dhálaigh atá ag féachaint chuige le naíscoil a oscailt, darbh ainm Naíscoil an Ghleanna. Tá Naíscoil Uí Néill dóchasach fosta go mbainfear aitheantas do naíscoil réachtúil amach a chiallaíonn go mbeidh siad iomlán maoinithe ag an Roinn Oideachais agus mar chuid iomlán den ghaelscoil áitiúil, Gaelscoil Uí Néill. I dtaobh fhorbairt na bunscolaíochta sa chontae, tá Coiste Bunaithe Gaelscoil Eoghain i ndiaidh theacht ar an fhód ar an Chorr Chríochach agus iad ag gníomhú leo chun go mbainfeadh aitheantas amach do bhunscoil sa cheantar seo. Anuas air seo, tá aitheantas bainte amach ag

Scoil Ghramadaí Naomh Íosaeif, ar an Domhnach Mór le sruth gaelscolaíochta a bhunú i Meán Fómhair 2010.

I gCo. Dhoire tá dhá choiste bunaithe mar atá Coiste Gaelscoil Léim an Mhadaidh agus Coiste Gaelscoil an tSeanchaí (Machaire Fíolta) a sheol moltaí forbartha chun aitheantas na Roinne a fháil do na bunscoileanna ina gceantair do Mheán Fómhair 2010. Ina theannta seo, tá obair mhór ar siúl i gCo. Dhoire ionas go mbeidh soláthar iarbhunscolaíochta ann don 5 bhunscoil i nDoire atá taobh amuigh de Chathair Dhoire.

Ní díomhain atá díograiseoirí na gaelscolaíochta i gCo. Aontroma ach oiread. Tá lucht na gaelscolaíochta ar an Bhaile Meánach i gCo. Aontroma ag gníomhú leo nó toisc go bhfuil ag éirí chomh maith sin leis an naíscoil sa bhaile tá moladh forbartha seolta chun aitheantas na Roinne Oideachais a fháil do bhunscoil i Meán Fómhair 2010. Is Gaelscoil Chon Rí Uladh a bheas mar ainm ag an scoil. Anuas air seo, tá aitheantas réachtúil bainte amach i mbliana ag Naíscoil an tSléibhe Dhuibh i mBéal Feirste nuair a cheadaigh an tAire Oideachais, Cairtriona Ruane, an moladh forbartha, rud a thabharfaidh stádas buanmhaoinithe don naíscoil agus a thabharfaidh an naíscoil faoi bhainistiú na gaelscoile, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh.

Tá Ard Mhacha, mar atá na contaetha eile sna 6 Chontae, ag iarraidh an ghaelscolaíocht a fhorbairt. Tá Naíscoil Chois Locha, atá lonnaithe ar an Lorgain, dóchasach go mbainfear aitheantas do naíscoil réachtúil amach, rud a chiallaíonn go mbeidh siad iomlán maoinithe ag an Roinn Oideachais agus mar chuid iomlán den ghaelscoil áitiúil, Bunscoil Naomh Proinsias.

Tá, ar ndóigh, Comhairle na Gaelscolaíochta sáite san obair seo uile agus ag cuidiú, ag tacú agus ag tabhairt comhairle do na coistí. Is iontach agus is gníomhach atá na coistí bunaithe sna ceantair seo uile agus le cuidiú Dé, tchífidh siad agus Comhairle na Gaelscolaíochta toradh ar a gcuid oibre i Meán Fómhair.

Nuacht

Suíomh Gréasáin Nua na hEagraíochta

Tá suíomh nua ag GAELSCOILEANNA TEO. le leagan amach úr agus eolas ann ar gach gné d'obair na heagraíochta. Tá súil againn go gcabhróidh an leagan amach nua le daoine eolas maidir leis an ngaelscolaíocht agus acmhainní a bhaineann leis a aimsiú go héasca. I measc na n-áiseanna ar an suíomh nua, tá:

- liosta na scoileanna agus sonraí teagmhála dóibh
- nuachtlitr leictreonach na heagraíochta agus cartlann de na heagráin a foilsíodh cheana
- eolas maidir le Comhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO.
- comhairle maidir le feachtasaíocht
- comhairle maidir le scoileanna nua a bhunú
- grianghraif agus físeáin le feiceáil ann ó na himeachtaí scoile éagsúla

- tuairiscí le léamh ó scoileanna a ghlac páirt sa scéim deontas Imeachtaí Idirscoile
- léachtaí, cur i láthair, ábhar oiliúna do Bhoird Bhainistíochta agus foilseacháin le h-íoslódáil
- is féidir féachaint ar an DVD a d'eisíomar i gcomhpháirt le Comhairle na Gaelscolaíochta & an tIonntaobhas Ultach a thugann an-chuid eolais ar an gcóras gaelscolaíochta

Tá súil againn go mbeidh an suíomh níos idirghníomhaí fós amach anseo nuair a fhorbraítear foirmeacha ar-líne do sheirbhísí na heagraíochta. D'fháiltóimis roimh aiseolas faoin suíomh; is féidir ríomhphost a sheoladh chuig ofiq@gaelscoileanna.ie le do thuairimí a chur in iúl dúinn.

Coirm Gael Linn 2010



Ceoltóirí ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh

D'fhreastail suas le 3,000 scoláire ó bhunscoileanna ar fud na tíre ar fhéilte Coirm Gael Linn i mbliana le méid suntasach scoileanna lán-Ghaeilge ina measc. Eagraíodh sraith de na hócáidí aon lae seo le roinnt seachtainí anuas in ionaid éagsúla ó cheann ceann na tíre. Tá Coirm ar an bhfód anois le beagnach deich mbliana agus é mar aidhm ag Gael Linn spreagadh a thabhairt do lucht bunscoile seó i nGaeilge a chur ar ardán a léiríonn na tallanna éagsúla atá ag daltaí na

scoile. Léiríonn na scoileanna a bhíonn páirteach seónna ar théamaí éagsúla ina mbíonn meascán de mhíreanna - ceol, amhránaíocht, scéalaíocht, aithriseoireacht, rince agus eile. Anuas ar sin, bíonn deis ag na daltaí na seónna ó scoileanna eile a fheiceáil.

Níl comórtas i gceist ag Coirm Gael Linn, ach bíonn léirmheastóir i láthair ag gach féile agus tugtar aitheantas (i bhfoirm ghradaim) do mhíreanna as seónna a léiríonn ardchaighdeán. Chomh maith leis sin, bronnar cuimhneachán den lá ar gach uile pháiste a ghlacann páirt.

Trí atmaisféar taitneamhach, spráiuil a chothú ag Coirm Gael Linn, tá súil ag an lucht eagraithe meas agus spéis na bpaistí sa Ghaeilge a neartú, chomh maith le deis a thabhairt dóibh í a chleachtadh. Ghabh Seán Ó Ceallaigh, Bainisteoir Scéimeanna Náisiúnta, Gael Linn buíochas le gach duine as a dtacaíocht agus dúirt: *'Tá an-mholadh tuillte ag na múinteoirí díograiseacha uilig a léirigh seónna a bhí dathúil, spleodrach agus lán de spiorad !'*

Tá gach eolas faoi Coirm Gael Linn ar fáil ag 01:6751200 nó www.gael-linn.ie.

Scéalta Bíobla do Pháistí



SLADMHARGADH!
25 leabhar ar €50
+ CD saor in aisce
de na scéalta ar fad!



**Dainéil agus na Leoin,
An Mac Drábhlasach, Zacháias, Sonas na Nollag, Éirí Suas, a Lazaras!,
Cruthú an Domhain, Tagann an Spiorad Naomh, Lagann Íosa an Stoirm,
Aoine an Chéasta agus go leor eile.**

“... a worthwhile resource for all schools on a number of levels: as Bible stories, colourful and well-illustrated; as poetry and for drama – they could also be quite easily dramatised. Tá siad go hálainn agus molaim iad.”

- Michael Weed, *InTouch Magazine*, December 2009



ORDAIGH ANOIS!

- Fón: 091-848775
- www.lorlum.ie
- nó tríd an bpost



Lorlum Publishing, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, Éire / Ireland.

Nuacht

Gaelscéal ar an Saol



David Hickey, Siún Nic Gearailt, an tAire Carey, Ciarán Dunbar & Trevor Ó Clochartaigh ag Seoladh Gaelscéal

Is é Gaelscéal an nuachtán seachtainiúil Gaeilge is nuálaí atá i mbun táirgíochta ó dheireadh mí an Mhárta. Tugann Gaelscéal spléachadh do léitheoirí fud fad oileán na hÉireann ar chúrsaí reatha, idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach; oideachas, spórt, cúrsaí saoil, caitheamh aimsire mar aon le saol na Gaeilge & na Gaeltachta.

Is nuachtán ildathach, 32 leathanach i bhfoirm thablóideach atá ar fáil ar fud na 32 contae

agus ar shíntiús thar lear. Foilseofar ar a laghad 51 eagrán sa bhliain. Tá sé ar fáil chomh maith i bhformáid dhigiteach ar-líne anois.

Cuireann an suíomh idirlín www.gaelsceal.ie áis idirghníomhach ar líne ar fáil do Ghaeil chun iad féin a chur in iúl trí fhís, fuaim & focal, chomh maith le caighdeán ard scríbhneoireachta an nuachtáin féin. Amach anseo, tabharfaidh fóraim agus blaganna deis do dhaoine gur suim leo a dtuairimí a nochtadh ar iliomad ábhar. Beidh béim faoi leith ar úsáid na meán digitigh chun ábhar oideachasúil agus eile a fhorbairt.

An mana atá againn don nuachtán ná 'ag Cothú Pobal na Gaeilge'. Feiceann muid gurb é an ról atá againne ná áis a chur ar fáil do phobal na Gaeilge lena scéalta féin a chraobhscaoileadh. Tá muid ann dar linne le haird a tharraingt ar scéalta móra & scéalta beaga na nGael in Éirinn & thar lear. Is le maoiniú fial ó Fhoras na Gaeilge atá Gaelscéal le foilsiú.

Duais E-government buaite ag Suíomh Idirlín COGG

Bhuaigh www.cogg.ie duais sa chatagóir "Suíomhanna Gréasáin i nGaeilge" ag bronnadh de chuid duaiseanna E-government 2010.

Reáchtáladh an ócáid cheiliúrtha do cheannródaíthe idirlín san earnáil phoiblí, duaiseanna E-Government na hÉireann ar an Aoine 19 Feabhra i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Thug COGG leo an Gradam don suíomh idirlín Gaeilge is fearr.

Ag labhairt di faoin nGradam, dúirt Aisling Nic Craith, feidhmeannach leis an gComhairle, go raibh an Chomhairle "an-bhuíoch as ucht na tacaíochta ó na scoileanna agus ó phobal na Gaeilge." Tugann na Gradaim seo aitheantas do ríomhsheirbhísí rialtais ar ardchaighdeán atá ceannródaíoch agus nuálach.

Athsheoladh www.cogg.ie ag tús na bliana 2009 agus ar an suíomh dátheangacha seo, cuirtear ar fáil áiseanna teagaisc do mhúinteoirí bun scoile agus iar-bhunscoile chomh maith le



Aisling Nic Craith, COGG leis an Aire Máire Uí Aíniféin agus Éilís Ní Bheilbigh, Foras na Gaeilge

heolas reatha faoi pháipéir scrúduithe as Gaeilge, eolairé áiseanna bliantúil agus eolas ar fhoilseacháin agus taighde atá ábharach do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá bunachar iomlán de na háiseanna ar fad atá ar fáil i nGaeilge don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal ar fáil chomh maith le nótaí teagaisc do mhúinteoirí.

Nuacht

Buaiteoir Pop / Rac Scléip sa Stiúideo

Ar an 22 Aibreán, rinne amhránaí óg ó Ghairmscoil Éinne, Inis Mór, Árann, Peadar Ó Goill, taifeadadh ar a amhrán féin-chumtha 'i lár na hoíche'. Bhuaigh Peadar sa rannóg pap/rac-cheol sa chomórtas tallainne Scléip 2010, comórtas a raibh 18 scoil istigh air.

Mar chuid den duais, faigheann buaiteoir na rannóige pop/rac-cheol seisiún taifeadta i Stiúideo na Life soláthraithe ag *Seachtain na Gaeilge* agus cuirtear an t-amhrán suas ar leathanach myspace *Seachtain na Gaeilge*.

Bí ag faire amach d'amhrán Pheadair ar www.snag.ie agus ar www.gaelSCOILEANNA.ie.



Thuas: Peadar i mbun a cheird

*Thíos: Peadar in éineacht le Feidhmeannach
GAELSCOILEANNA TEO. Clare Walsh*



Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí



Reáchtálfai an chéad chruinniú eile den ghrúpa sainspéise Gaeilge, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí le linn comhdhála oideachais an CNT ar an 12 Meitheamh i mBaile Átha Cliath.

Tá fáilte roimh thuismitheoirí a bhfuil páistí acu i mbunscoil atá cleamhnaithe le CNT. Pléifear an Ghaeilge agus an CNT ag an gcruinniú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Áine Uí Ghiollagáin ar 087 68 22 517 nó aineuig@eircom.net, nó ó Dheirdre Sullivan ar 01-887 4034.

Acmhainní

Gutháin Saor in Aisce ar fáil!

Leabhra ar fáil ón Oifig

Tá comhlacht d'arbh ainm ATS ag iarraidh córas gutháin Toshiba mar aon le sás láimhe agus córas glórphoist a bhronnadh ar scoileanna saor in aisce agus bhíodar i dteagmháil linn chun an focal a scaipeadh i measc na scoileanna lán-Ghaeilge.

An t-aon chostas a bheadh ann ná táille bheag don suiteáil. Rachaidh siadsan amach chuig an scoil chun an obair a dhéanamh.

Má tá spéis agat ann, is féidir glaach ar Wendy Riordan ag 01 207 9533 nó rphost a chur chuig wendyr@ats.ie / www.ats.ie

Acmhainní do scoileanna – ar fáil ón oifig


Tá cúpla leabhar ag Gaelscoileanna Teo. le dáileadh ar scoileanna lán-Ghaeilge saor in aisce.

I bhfianaise nach bhfuil mórán againn, dáilfear pacáiste amháin ar scoil ag an mbunleibhéal agus ceann eile ar scoil ag an iar-bhunleibhéal (an chéad dá scoil a dhéanann teagmháil linn).

Tá liosta de na leabhair le feiceáil ar www.gaelscoileanna.ie faoin rannóg 'Acmhainní'.

Acmhainní ó COGG

Mata Draíochta ar fáil do Rang 1 & Rang 2 go luath!



Tomás Ó Cróinín as Gaelscoil Charraig
Uí Leighin ag léamh 'Sióg sa Teach'

Sióg sa Teach aistrithe go Gaeilge do na scoileanna lán-Ghaeilge

Tá maoiniú faighte ag Avril O'Reilly ó Foras na Gaeilge agus ó COGG len a leabhar *Sióg sa Teach* a chur in oiriúint do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Nochtaíonn an leabhar scéal Bheicí Uí Mhurchú agus an bealach a bhfuil droch-chaof amach is amach ar a feistis síoga. Seans go mbaineann sé len a cuid briochtaí dána agus luíonn sé faoi Niamh, Taoiseach na Sióg, an dul amu atá uirthi a shoiléiriú do Bheicí.

ealaíontóirí smididh, gruagairí agus maintínl. Foilsíodh an leabhar as Béarla agus forbraíodh an leagan Gaeilge do na scoileanna lán-Ghaeilge go speisialta.

Dar le hAvril O'Reilly ó Chorcaigh, "Tá áthas an domhain orm go ndearna Foras na Gaeilge agus COGG infheistíocht sa leabhar seo a léiríonn dearcadh bródúil i leith na nua-Éireannach. Tá na múinteoirí lenar labhair mé leo an-dearfach faoin leabhar seo."

Thóg an leabhar seo ceithre bliana agus úsáideadh foireann mhór mhainicíní,

Guthán: +44-7932-810824
Rphost: avrilfrances@hotmail.com

Samhradh 2010

Forbairt Naíonraí Teo.

Acmhainní Gaeilge don seomra rangla!

Chun foirm ordaithe a fháil:

01-8535101

eolas@naionrai.ie

www.naionrai.ie (catalóg a íoslóideáil)

San áireamh:



Amhráin do Phaistí CD €5.00

Gníomhamhráin, amhráin saothair &
amhráin do cluichí / Action songs & rhymes



Damhsa na gCoiníní CD €5.00
Sean-amhráin & rannta / Traditional
songs & rhymes



Maidin sa Naíonra CD €5.00

Amhráin & rannta ina bhfuil struchtúir
chainte bhunúsacha / Songs & rhymes
containing basic language structures



Féilire Lá Breithe €5.00



Postaer bunaithe ar na séasúir €5.00. 8 bpostaeir in ngach seit !

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013

